# Cruth agus spás: Trasfhoirmiú – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- tabhairt faoi shúgradh le cruthanna 2-T and 3-T, ag fiosrú an chaoi a dtagann siad lena chéile, an chaoi a bhfuil an chuma chéanna nó éagsúil orthu agus iad iompaithe bun os cionn, rothlaithe, srl.
- cruthanna nó rudaí a shórtáil de réir critéir éagsúla, m.sh., *le/gan shiméadracht rothlach, teisileoidh/ní theisileoidh*.
- siméadracht sa seomra ranga, i dtimpeallacht na scoile agus sa nádúr a fhiosrú.
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ealaíne a mbaineann siméadracht leo, m.sh., *filleadh páipéir, péinteáil shiméadrach, leath de phictiúr siméadrach a chríochnú*.
- cásanna 'fíorshaoil' d'aistriú, frithchaitheamh agus rothlú a scrúdú, m.sh., *rudaí a 'shleamhnú' thar bhord, rothlú meaisín níocháin, frithchaitheamh i scátháin*.



### Cumarsáid a dhéanamh

- teanga chuí thrasfhoirmithe a úsáid agus gluaiseacht cruthanna á plé, m.sh., *iompóidh mé an píosa tangraim, rothlaigh mé an píosa 90 céim ar deiseal, d'aistrigh mé an cruth go suíomh nua trí ...*
- cur síos a dhéanamh ar ghnéithe trasfhoirmithe éagsúla agus iad a chur i gcomparáid, m.sh., *ní athraíonn méid an chrutha nuair a aistrítear cruth, nuair a mhéadaítear triantán fanann na huillinneacha mar an gcéanna*.
- trasfhoirmithe a léiriú ag baint úsáid as réimse bealaí, m.sh., *trí ghluaiseacht agus comharthaí coirp, líníochtaí/léaráidí, ar ghreillí comhordúcháin, uirlisí digiteacha, nó cuir síos ó bhéal*.
- treoracha céim ar chéim a dhearadh, a thabhairt agus a chur in iúl maidir le céimeanna a aistriú, a fhrithchaitheamh agus a rothlú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an bplána comhordúcháin.
- uirlisí digiteacha cosúil le láimhseoga códaithe agus ar líne a úsáid le teisiliú a iniúchadh agus le trasfhoirmithe a chur i gcrích.




### Réasúnaíocht a dhéanamh

- an tionchar atá ag gluaiseacht cruthanna de réir mar a fhrithchaitear, a rothlaítear nó a aistrítear iad a iniúchadh; agus a dtarlóidh do chruthanna eile faoin trasfhoirmiú céanna a thuar.
- eolas maidir le trasfhoirmithe a úsáid le tréithe cruthanna a oibriú amach, m.sh., *níl siméadracht rothlach i gceist leis an gcruth seo mar nach bhfuil an chuma chéanna air ach i ndiaidh rothlú iomlán amháin*.
- cúiseanna taobh thiar de roghanna a dhéantar agus cruthanna le teisilidí a chruthú á roghnú a chosaint.
- bealaí éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar thrasfhoirmithe a fhiosrú, agus plé a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbealaí seo, m.sh., *rothlaigh Sinéad an mhír mhearaí trí cheathrú den bhealach ar deiseal, rothlaigh Seán é ceathrú den bhealach tuathal, cé acu is éifeachtaí?*
- naisc idir trasfhoirmithe agus gníomhaíochtaí laethúla agus timpeallachta a fhiosrú, m.sh., *an úsáid a bhaintear as scátháin sa charr, gluaiseacht píosaí i gcluichí boird, an úsáid a bhaintear as gloiní méadaithe nó déshúiligh chun rudaí a mhéadú.*



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- eolas ar thrasfhoirmithe a chur i bhfeidhm ar chluichí agus gníomhaíochtaí a mbaineann bogadh agus láimhsiú cruthanna leo, m.sh., *tangram, míreanna mearaí agus cluichí ar líne*.
- teisilidí a bhfuil cruth amháin nó níos mó iontu a chruthú do chríoch faoi leith, m.sh., *patrún tíle a chruthú, cluiche i stíl Tetris nó mír mhearaí a chruthú do chairde*.
- réimse féidearthachtaí a fhiosrú chun fadhbanna a réiteach, m.sh., *teacht ar roinnt bealaí maidir le cruthanna ilchodacha a chruthú, aistrithe a chur i gcrích ag baint úsáid as láimhseoga fisiciúla ar ghreille nó go hailgéabrach ar an bplána comhordúcháin*.
- bogearraí agus uirlisí digiteacha a úsáid chun cruthanna a thriail agus struchtúir a chruthú m.sh., *Minecraft*.
- tuiscint ar thrasfhoirmithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna fíorshaoil, m.sh., *tíleanna a dhearadh ag baint úsáid as teisiliú, rudaí a láimhsiú agus a rothlú le pacáil isteach i mbosca*.



Arna fhorbairt i gcomhar le **Mary Kearney, Múinteoir Bunscoile, Co. na Gaillimhe**